An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Gaelscoil Iarfhlatha
Tuaim, Co. na Gaillimhe
Uimhir rolla: 20061I

Dáta cigireachta: 5 Márta 2014

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

AN CHIGIREACHT

Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim Tuairisc

Réamhrá
Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU-BCF) i nGaelscoil Iarfhlatha, Tuaim, Co. na Gaillimhe, i mí Márta 2014. Tá an tuairisc seo bunaithe ar cheachtanna a breathnaíodh i raon de chomhthéacsanna foghlama sa scoil, ceistiú na ndaltaí agus breathnú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird bhainistíochta, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de cháipéisí scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

Tá 191 dalta ar an rolla faoi láthair. Tá seachtar oide príomh-shrutha agus oide tacaíochta foghlama amháin lonnaithe sa scoil. Oibríonn oide tacaíochta foghlama agus oide acmhainne amháin go páirt-aimseartha sa scoil. Is é an Foras Pátrúnachta pátrún na scoile.

Tá an scoil suite i gcóiríocht shealadach i lár an bhaile Thuama. Cé go bhfuil an scoil slachtmhar laistigh agus lasmuigh, níl an chóiríocht scoile sásúil go fadtéarmach mar ionad foghlama.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Tugann an bord bainistíochta tacaíocht inmholta don scoil.
- Tá scileanna ceannaireachta éifeachtacha ag an bpríomhoide.
- Cruthaítear atmaisféar fháilteach Ghaelach sa scoil.
- Tá caidreamh an-mhaith idir chumainn na dtuismitheoirí agus an scoil.
- Oibríonn na hoidí go díograiseach coinsiasach.
- Tá gnóthachtáil na ndaltaí go maith i réimse leathan curaclaim.
- Tá bainistíocht agus iompar na ndaltaí an-mhaith.
- Tá obair fhiúntach tosnaithe ar fhéinmheastóireacht scoile.

Déantar **na moltaí** seo a leanas:
- Moltar níos mó béime a leagan ar scileanna teanga labhartha na ndaltaí a fhorbairt i mbealach níos foirmiúla trasna an churaclaim.
- Moltar anailís níos cuimsithí a dhéanamh ar thorthaí na dteisteanna chaighdeánacha ar bhonn uile-scoile.
- Moltar athbhreithniú céimniúil a dhéanamh ar pholasaithe riaracháin na scoile, ach go háirithe an polasaí do chlárú daltaí. Moltar freisin gach polasaí a chur ar fáil go dhátheangach.

Tátail

1. **Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí**
   - Tá gnóthachtáil na ndaltaí san fhoghlaim ar an iomlán go maith. Sroicheann cuid mhaith de na daltaí caighdeáin ard trasna achair an churaclaim.
   - Tá gnóthachtáil na ndaltaí sa Ghaeilge i gcúrsaí labhartha, éisteachta, léitheoireachta agus scríbhneoireachta go maith. Labhraíonn an chuid is mó de dhaltaí sna ranganna uile go líofa cumasach agus muiníneach. Chun cabhrú le scileanna labhartha na ndaltaí uile a fhorbairt níos mó, áfach, b'fhiú leanúnachas sa Ghaeilge labhartha a chothú i mbealach níos foirmiúla. Mar chuid de seo, moltar eolas faoi ghnóthachtáil agus cumas labhartha na ndaltaí aonair a roinnt níos éifeachtaí ó rang go rang.
   - Tá gnóthachtáil na ndaltaí sa Bhéarla go maith agus faigheann siad oideachas oiriúnach i gcúrsaí litearthachta Bhéarla ó na ranganna naíonáin ar aghaidh. Tá samplaí den obair scríofa inmholta a dhéanann na daltaí ar taispeáint sna seomraí ranga. Sonraítear éagsúlacht mhaith in obair scríofa na ndaltaí sa chuid is mó de na ranganna. Tá cleachtaí scríofa na ndaltaí leagtha amach go soiléir néata.

- Tá gnóthachtáil an chuid is mó de na daltaí sa Mhatamaitic go maith. Sroicheann cuid mhaith de na daltaí caighdeán an-ard san uimhearthacht. Baineann na daltaí úsáid éifeachtach as ábhar nithiúil chun coincheapa a iniúchadh. Tá siad in ann fadhbanna matamaitice a réiteach le cumas.
- Tá an obair a dhéantar san Oideachas Shóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta, go speisialta sa Stair agus Tíreolaíocht, go maith ar fud na scoile. Tá cuid den obair seo an-mhaith.
- Tá caighdeán inmholta sroichte ag na daltaí i mbeagnach gach rang sa Cheol, idir chantaireacht agus sheinm uirlisí. Tá an obair atá déanta ag na daltaí i mbeagnach gach rang sna Amharcealaíona an-mhaith.

2. **Cáilíocht an teagaisc**

- Tá cáilíocht an teagaisc sa scoil go maith, le cuid den teagaisc an-mhaith. Déanann na hoidí uile machnamh ar a gcuid oibre agus baineann siad trial as modhanna múinte nua go rialta.
- Déanann na múinteoirí ranga iarracht an-mhaith an Ghaeilge a chur chun cinn i gcúrsaí scoile. Cothaíonn siad dearcadh dearfach i leith na teanga agus cabhraíonn siad le daltaí iad féin a chur in iúl, nuair a bhíonn gá leis. I gcuid de na ranganna, áfach, moltar na daltaí a spreagadh chun cainte níos mó.
- Éiríonn leis na múinteoirí spéis na ndaltaí sa léitheoireacht a mhúscailt. Leagann siad béim ar fhuaimeanna agus foghraíocht a mhúineadh. Múintear scríbhneoireacht go héifeachtach agus tugtar deiseanna rialta do dhaltaí scríbhneoireacht chruthaitheach a chleachtadh.
- Tá cáilíocht an teagaisc sa Bhéarla go maith, le grúpmhodhanna teagaisc in úsáid go héifeachtach i gcuid de na ranganna. Leagann na hoidí uile béim chuí ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na ndaltaí a fhorbairt. Déanann gach múinteoir monatóireacht rialta ar shaothar scríofa na ndaltaí.
- Sa Mhatamaitic, tá modhanna múinte éifeachtacha in úsáid. Baintear na hoidí leas as ábhar nithiúil chun an próisis teagaisc a mhéadú. Moltar, áfach, níos mó béime a leagan ar mhúineadh téarmaí agus teanga na matamaitice go foirmiúil, rud atá aitheanta ag an scoil sa tuairisc fhéinmheastóireachta scoile. B'fhiú timpeallacht mhatamaitice a fhorbairt níos mó i ngach rangsheomra.
- I gcuid de na ranganna, míníonn na hoidí frásaí nua go foirmiúil éifeachtach sna hábhair éagsúla, mar shampla sa Stair agus sa Tíreolaíocht. Moltar an cleachtas seo a leathnú ar fud na scoile. B'fhiú níos mó béime a leagan ar fhoclóir a mhúineadh sna hachair curaclaim uile, chun tuiscint agus saibhreas teanga na ndaltaí a mhéadú.
- Múineann cuid mhór de na hoidí Ceol go han-chumasach. Dírítear aird inmholta ar chorpoideachas sa chuid is mó de ranganna.
- Léiríonn baill na foirne tacaíochta foghlama scileanna éifeachtúla teagaisc. Tá gaol maith idir dhalta agus oide le sonrú sna suímh sin. Tá gnéithe le forbairt sa tseirbhís, áfach, ach go háirithe ó thaobh chomhordú na seirbhíse de. Tá cuid den phleanáil scríofa don tseirbhís seo an-mhaith. Ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí pleanála do dhaltaí le deacrachtaí foghlama agus riachtanais oideachais speisialta, chun a chinntiú go mbeadh an cleachtas céanna á cur i bhfeidhm i ngach suíomh teagaisc.

3. **Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí**

- Tá cáilíocht an chúraim agus na tacaíochta a thugtar do dhaltaí go maith. Tá bainistíocht na ndaltaí sa scoil an-mhaith. Tá na daltaí dea-bhéasach agus taispeánann siad dea-iompar i rith an lae. Sna ceistneoirí do dhaltaí, sonraítear go dtaitníonn an scoil leo. Tá dearcadh dearfach ag na daltaí don obair atá á déanamh acu.
- Léiríonn ceistneoirí na dtuismitheoirí go bhfuil meas mór acu ar an scoil. Tá Cumann na dTuismitheoirí gníomhach sa scoil agus tá gaol an-mhaith agus cumarsáid éifeachtach idir an chumainn agus an scoil.
- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*.

4. **Ceannaireacht agus Bainistíocht**

- Oibríonn an bord bainistíochta go díograiseach ar son na scoile. Feidhmíonn an bord mar ba chóir agus bíonn cruinnithe rialta acu. Cuirtear cuntais na scoile faoi bhráid chuntasóra go bliaintiúil. Tá an bord ag iarraidh foirgneamh buan a fháil don scoil agus sin í príomhaidhm an bhoird le roinnt blianta anuas.
- Tá cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta in-scoile go maith. Tá an príomhoide an-díograiseach i mbun oibre agus tá scileanna ceannaireachta inmholta aige. Déanann sé a dhícheall i gcónaí an scoil a chur chun cinn. Tá fís aige don scoil go bhfaigheadh gach dalta oideachas leathan trí Ghaeilge i suíomh atá spreagúil agus oiriúnach don tasc.
- Tá comhoibriú éifeachtach le sonrú idir an phríomhoide agus an phríomhoide tánaisteach. Moltar, áfach, dualgais an phríomhoide tánaisteach i gcúrsaí riaracháin, curaclaim agus tréadchúraim a leagan amach níos foirmiúla.
- Cabhraíonn obair an chuntóra riachtanais speisialta, agus obair an rúnaí, le hoibriú réidh na scoile.
- Tá stór leathan acmhainní ar fáil sa scoil. Tá raon leathan de leabhair ar fáil. Baintear úsáid éifeachtach as an gclárbán idirghníomhach chun an próiséis teagaisc agus foghlama a mhéadú.

5. **Féinmheastóireacht Scoile**

- Tá obair fhiúntach tosnaithe ag an scoil ar chúrsaí fhéinmheastóireachta. Tá na spriocanna atá aitheanta sa tuairisc fhéinmheastóireachta scoile agus sa phlean feabhsúcháin scoile oiriúnach. Rinneadh athbhreithniú ar chúrsaí matamaitice agus thug na tuismitheoirí ionchur úsáideach don fhianaise a bhailíodh. Is í aidhm na scoile ná a chur ar chumas na ndaltaí teanga na Matamaitice a úsáid níos éifeachtaí.
- Déanann an scoil measúnú rialta ar cháilíocht na foghlama sa Ghaeilge, Béarla agus Matamaitic, le scrúdaithe caighdeánaithe agus teisteanna eile. Déantar anailís mhaith ar na torthaí seo ag leibhéil ranga. Moltar anailís níos cruinne a dhéanamh ar thorthaí na dteisteanna chaighdeánaithe ar bhonn uile-scoile as seo amach.
- Cé go bhfuil plean scoile curtha ar fáil ag an scoil, moltar gach polasaí scoile a chur ar fáil as Gaeilge agus as Béarla. Moltar go speisialta athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí do chlárú daltaí, chun soiléiriú an phróisis earcaíochta.

Críoch

Tá acmhainn na scoile maidir le cur i bhfeidhm na bhfeabhsúchán go maith.